Annual Report 2005
Tuarascáil Bhliantúil 2005

Report of the Board of the National Library of Ireland
for the year ended 31 December 2005

To the Minister for Arts, Sport and Tourism pursuant to section 36 of the Cultural Institutions Act 1997

Published by
National Library of Ireland,
Dublin

ISSN 2009-020X

© Board of the National Library of Ireland, 2007

Copies available from
National Library of Ireland, Kildare Street, Dublin 2
Telephone: +353-1-603 02 00
Facsimile: +353-1-676 66 90

Email: info@nli.ie

Designed by: Ger Garland
Printed by: Ganboa

Tuarascáil Bhord na Leabharlainne Náisiúnta
Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2005

Don Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta de bhun alt 36 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997

Arna fhoilsiú ag
An Leabharlann Náisiúnta,
Baile Átha Cliath

ISSN 2009-020X

© Bord na Leabharlainne Náisiúnta, 2007

Tá cóipeanna ar fáil ó:
An Leabharlann Náisiúnta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2
Teileafón: +353-1-603 02 00
Faics: +353-1-676 66 90

Ríomhphost: info@nli.ie

An Dearadh: Ger Garland
An Clóbhualadh: Ganboa

CLÁR AN ÁBHAIR

BUNREACHT AGUS FEIDHMEANNA 4

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH 5
ATHBHREITHNIÚ AGUS ACHOIMRE AN STIÚRTHÓRA 7

TUARASCÁIL AR AN OBAIR:
- Seirbhísí don Léitheoir agus don Chuairteoir 10
- Seirbhísí Tagartha 11
- Seirbhís Chomhairle maidir le Cúrsaí Ginealais 11
- Taispeántais, Oideachas agus Beartaíocht Sheachtrach 11
- Foilseacháin 14
- Ócáidí ag Dreamanna Seachtracha 15
- Forbairt na mBailiúchán 15
- Leabhair Chlóite 16
- Lámhscríbhinní 18
- Tréimhseacháin 19
- Nuachtáin 20
- Grianghrafanna 20
- Priontaí agus Líníochtaí 21
- Foilseacháin Oifigiúla 22
- Ábhar Breacshaolach 23
- Próiseáil agus Catalógú, cúrsaí TEC san áireamh 24
- Oifig an Phríomh-Arailt 27
- Cumhdach agus Caomhnúchán 29

BORD AGUS COISTÍ AN BHOIRD 34

FORBAIRT EAGRÚCHÁIN 36

AGUISÍNÍ:
- Aguisín 1: Deontóirí agus Tabhartais 40
- Aguisín 2: Cumann na Leabharlainne Náisiúnta 47

NA RÁITIS AIRGEADAIS:
- Ráiteas faoi Dhualgaisí an Bhoird 51
- Ráiteas faoin gCóras Rialúcháin Airgeadais Inmheánach 53
- Polasaithe Cuntasaíochta 55
- An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais 57
- Ráiteas faoin ngnóthúchán agus an caillteanas aitheanta 59
- An Clár Comhardaithe 61
- Ráiteas faoin Sreabhadh Airgid 63
- Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 65

CONTENTS

CONSTITUTION AND FUNCTIONS 4

CHAIRMAN'S STATEMENT 5
DIRECTOR'S REVIEW AND SUMMARY 7

OPERATIONAL REPORT:
- Reader and Visitor Services 10
- Reference Services 11
- Genealogy Advisory Service 11
- Exhibitions, Education and Outreach 11
- Publications 14
- External Functions 15
- Collection Development 15
- Printed Books 15
- Manuscripts 18
- Periodicals 19
- Newspapers 20
- Photographs 20
- Prints and Drawings 21
- Official Publications 22
- Ephemera 23
- Processing and Cataloguing, including ICT matters 24
- Office of the Chief Herald 28
- Preservation and Conservation 29

BOARD AND COMMITTEES OF THE BOARD 34

ORGANISATIONAL DEVELOPMENT 36

APPENDICES:
- Appendix I: Donors and Donations 40
- Appendix 2: National Library of Ireland Society 47

FINANCIAL STATEMENTS:
- Statement of Responsibilities of the Board 50
- Statement on the System of Internal Financial Control 52
- Accounting Policies 54
- Income and Expenditure Account 56
- Statement of recognised gains and losses 58
- Balance Sheet 60
- Cashflow Statement 62
- Notes to the Financial Statements 64

Constitution

The National Library of Ireland was established by the Dublin Science and Art Museum Act, 1877 which provided that, with certain exceptions, the collections then in the possession of the Royal Dublin Society, including the Joly Library and the Society's Library, should be vested in the Department of Science and Art for the benefit of the public and of the Society. An Agreement of 1881 provided that the Library should operate under the superintendence of a Council of twelve Trustees, eight of whom were to be appointed by the Society and four by the Government; this Agreement also conferred on the Trustees the duty of appointing the officers of the Library.

The provisions of the National Cultural Institutions Act, 1997 that provide for the establishment of a new Board for the National Library of Ireland came into effect on 3 May 2005. The Council of Trustees ceased to exist on that date.

Functions of the Library

The functions of the National Library of Ireland are set out in section 12 of the National Cultural Institutions Act, 1997. Section 12(1) provides that:

"The principal functions of the Board of the Library shall be to conserve, restore, maintain and enlarge the library material in the collection of the Library for the benefit of the public and to establish and maintain a record of library material (including material relating to the Irish language) in relation to Ireland and to contribute to the provision of access by members of the public to material relating to other countries."

Section 12(2 a-t) enumerates a number of the Board's powers including powers in relation to genealogical research, the granting and confirming of coats of arms, the provision of library and information services etc.

Bunreacht

Cuireadh an Leabharlann Náisiúnta ar bun leis an Dublin Science and Art Museum Act, 1877 lenar foráileadh go ndílseofaí, ach amháin i gcásanna eisceachta áirithe, na bailiúcháin a bhí an tráth sin ina seilbh ag Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath, Leabharlann Joly agus Leabharlann an Chumainn féin, sa Roinn Eolaíochta agus Ealaíne chun leasa an phobail agus an Chumainn. De réir Chomhaontaithe dar dáta 1881, socraíodh go bhfeidhmeodh an Leabharlann faoi mhaoirseacht Chomhairle dáréag Iontaobhaithe, ochtar arna gceapadh ag an gCumann agus ceathrar arna gceapadh ag an Rialtas; is ar na hIontaobhaithe de réir an Chomhaontaithe sin a leagadh de dhualgas oifigigh na Leabharlainne a cheapadh.

Tháinig forálacha an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 lena bhforáltar do bhunú Boird nua don Leabharlann Náisiúnta, i bhfeidhm ar an 3 Bealtaine 2005. Chuaigh Comhairle na nIontaobhaithe i léig an lá sin.

Feidhmeanna na Leabharlainne

Leagtar amach feidhmeanna na Leabharlainne Náisiúnta in alt 12 an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997:

Foráltar in Alt 12(1) gurb iad príomhfheidhmeanna Bhord na Leabharlainne an t-ábhar leabharlannaíochta atá i mbailiúchán na Leabharlainne a chaomhnú, a athchóiriú, a choinneáil i gcóir mhaith agus a fhairsingiú ar mhaithe leis an bpobal agus taifead d'ábhar leabharlannaíochta (lena n-áirítear ábhar a bhaineann leis an nGaeilge) a bhaineann le hÉirinn a chur ar bun agus a choinneáil ar bun agus cion a dhéanamh maidir le deis a thabhairt do dhaoine den phobal ar ábhar a bhaineann le tíortha eile.

Liostaítear in Alt 12(2 a-t) roinnt dá leagtar de chumhacht ar an mBord, lena n-áirítear cumhacht maidir le taighde ar chúrsaí ginealais, bronnadh agus deimhniú armais, seirbhísí leabharlannaíochta agus eolais a chur ar fáil etc.

Ráiteas an Chathaoirligh

Is onóir mhór domsa an chéad tuarascáil maille le cuntais de chuid an Bhoird a chur i láthair. Tráchtar ann mar gheall ar an tréimhse ó bunaíodh an Bord ar an 3 Bealtaine 2005 go deireadh na bliana 2005.

Chuir bunú an Bhoird críoch le ré 127 bliain Chomhairle Iontaobhaithe na Leabharlainne. Is iomaí duine den ardchlú a rinne fónamh ina nlontaobhaithe de chuid na Leabharlainne Náisiúnta na hÉireann i rith na tréimhse sin, arna n-ainmniú ag Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath nó ag an Rialtas. I mo Chathaoirleach dom ar an mBord nua, ba mhaith liom mo chuid buíochais a chur in iúl don na hlontaobhaithe as a gcuid fónaimh le dúthracht i rith na mblianta, go háirithe an Cathaoirleach deireanach, an Dr JA Scott, agus na comhaltaí eile sin den Chomhairle dheireanach ar léir a gcuid suime i gcónaí i gcúrsaí na Leabharlainne.

Comhlacht Stáit neamhspleách an Leabharlann feasta, eintiteas ann féin faoin dlí ar a leagtar réimse leathan dualgas agus feidhmeanna sa reachtaíocht.

Bhí an chéad chruinniú ag Bord nua na Leabharlainne Náisiúnta ar an 11 Bealtaine 2005 agus bhí sé chruinniú eile ann i rith na bliana 2005. Tá tús curtha ag an mBord, ag oibriú go dlúth leis an Stiúrthóir agus le foireann bainistíochta na Leabharlainne, leis an bpróiseas chun na straitéisí, na polasaithe agus na struchtúir nua a chur ar bun is gá mar bhonn faoin Leabharlann neamhspleách. Is cúis áthais dom a chur in iúl go raibh obair shuntasach déanta sular bunaíodh an Bord maidir le hacmhainní foirne a aimsiú a bheadh mar bhonn faoi struchtúr nua na Leabharlainne mar atá de bhun an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 agus lena chinntiú go raibh an maoiniú breise atá riachtanach chun soláthar don chostas breise a bhaineann leis an struchtúr nua ar fáil. Ba chóir ina dhiaidh sin féin a thabhairt chun aire go raibh gá le mórchuid uile na n-acmhainní breise a cuireadh ar fáil don Leabharlann chun soláthar do chruthú na struchtúr riaracháin nua seachas ligean d'aon leathnú ar acmhainn na Leabharlainne i mbun a cuid príomhghnóthaí.

Tar éis a bhunú, b'éigean don Bhord cuid mhór ama a chaitheamh leis na polasaithe agus na nósanna imeachta maidir le rialachas corparáide a chur sa siúl. Ba beart eile den tábhacht poist shinsearacha nua-chruthaithe a líonadh i réimsí den riarachán, mar shampla airgeadas agus acmhainní pearsanra. Bhí an próiseas sin tugtha chun críche den chuid is mó faoi dheireadh na bliana.

I mí Iúil, d'ainmnigh an Bord Fergus Gillespie Uasal, Coimeádaí na hOifige Ginealais, chun feidhmeanna Phríomh-Aralt na hÉireann a chomhlíonadh de réir Alt 13 an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta,1997. Bunaíodh coistí reachtúla an Bhoird, eadhon, an Coiste Gnóthaí Ginealais agus Araltais agus an Coiste Comhairleach na Léitheoirí faoi seach mar a bhforáltar dóibh in alt 13 agus in alt 25 Acht na bliana 1997. Chomh maith leo sin, bhí Coiste Iniúchóireachta á bhunú ag deireadh na bliana. Ba mhaith liom, ina leith sin, mo chuid buíochais a chur in iúl do chomhaltaí an Bhoird agus do na daoine eile a d'aontaigh páirt a ghlacadh in obair na gcoistí sin.

Tá sonraithe ag an mBord gurb é an beart is mó tábhachta agus is práinní aige Clár Forbartha Tógála na Leabharlainne a thabhairt chun críche go luath. Ainneoin feabhsúchán maidir leis an infrastruchtúr fisiciúil i gcuid mhór páirteanna poiblí d'fhoirgníocht na Leabharlainne le blianta beaga anuas, is cúis mhór imní don Bhord easpa spáis stórála mar ba chóir sa Leabharlann. Is é an riachtanas is bunúsaí ag aon leabharlann náisiúnta an cumas ábhar tábhachtach na leabharlainne a stóráil in áis a shásaíonn na caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta. Níl na háiseanna láithreacha oiriúnach feasta agus tá bailiúcháin na Leabharlainne i mbaol faoi seo mar gheall ar dhroch-chaighdeán an spáis stórála mar atá. Chuir an Bord tús leis an

Chairman's Statement

It is a great honour for me to present the first report and accounts of the Board. It covers the period from the Board's establishment on 3 May 2005 to the end of 2005.

The establishment of the Board brought to an end the 127-year existence of the Library's Council of Trustees. Many distinguished persons served as Trustees of the National Library of Ireland during that period, whether as nominees of the Royal Dublin Society or of the Government. As Chairman of the new Board, I wish to record my appreciation of the dedicated service given by the Trustees over the years and, in particular, to the last Chairman, Dr JA Scott, and those other members of the last Council who have continued to take an active interest in the Library.

The Library is now an independent State body and a legal entity in its own right with a wide range of statutory duties and functions.

The new Board of The National Library of Ireland held its first meeting on 11 May 2005 and met on a further six occasions in 2005. Working in close cooperation with the Director and the Library's management team, the Board has begun the process of putting in place the new strategies, policies and structures required to support the independent Library. I am pleased to report that considerable work had been undertaken prior to the establishment of the Board in terms of obtaining staff resources to support the new structure of the Library as established pursuant to the National Cultural Institutions Act, 1997 and to ensure that the additional funding required to meet the additional expenses associated with the new structure had been made available. However, it should be noted that the vast bulk of the additional resources made available to the Library was required to finance the creation of the new administrative structures as opposed to permitting any expansion of the capacity of the Library to fulfil its core business.

Following its establishment, the Board was required to devote much time to putting in place corporate governance policies and procedures. A further priority was the filling of newly created senior positions in administrative areas such as finance and human resources. This process was largely and successfully concluded by the end of the year.

In July the Board designated Mr Fergus Gillespie, Keeper Genealogical Office, to discharge the functions of Chief Herald of Ireland in accordance with section 13 of the National Cultural Institutions Act, 1997. The statutory committees of the Board i.e. the Committee on Genealogy and Heraldry and the Readers Advisory Committee respectively provided for in sections 13 and 25 of the 1997 Act were established. In addition, an Audit Committee was in the process of being formed at the end of the year. In that regard I wish to record my appreciation to the Board members and the other individuals who have agreed to participate in the work of these committees.

The Board has identified the rapid completion of the Library's Building Development Programme as its most immediate and overriding priority. Notwithstanding the improvements in the physical infrastructure of many of the public parts of the Library complex made in recent years, the Board is very concerned at the lack of appropriate storage space in the Library. The ability to store important Library material in a facility that meets internationally recognised standards is the most basic requirement of any national library. The present facilities are no longer suitable and the Library's collections are now at risk due to the poor quality of the present

storage space. During the year the Board began the process of reactivating plans for the construction of a purpose-built storage facility on the Kildare Street campus. It is anticipated that the Government will make the funding available so that the construction of this facility can be commenced at the earliest possible opportunity.

The Board planned to begin in 2006 a strategic planning process that will identify its priorities and objectives for the years ahead. Particular attention will be given to issues such as the impact of digital technology on the Library and how it responds to the challenges posed. Other areas to be addressed will include service and collection development issues, corporate development, infrastructure and health and safety.

This is an exciting time for the National Library of Ireland. Rapid advances in information technology, particularly digital technology, have impacted significantly on the provision of information. New tools such as digitisation open up enormous possibilities for libraries as they provide ways to disseminate information to a far wider audience than traditional delivery methods. The National Library of Ireland must adapt to meet the challenges posed by the advances in digital technology but it must also ensure that its fundamental purpose, i.e. the objective of collecting and preserving Ireland's documentary heritage, is fulfilled.

I wish to thank the Minister for Arts, Sport and Tourism, Mr John O'Donoghue TD, and the staff of his Department for the encouragement and support they provided to the Board since it was established.

I wish also to place on record my gratitude for the dedicated commitment and support I have received from my fellow Board members, the Director, Aongus Ó hAonghusa, the members of the Library's management team and all of the Library's staff during the first eight months of this new phase in the Library's history.

Gerard Danaher
Chairman

bpróiseas i rith na bliana chun borradh a chur arís faoi phleananna chun áis stórála saintógtha a thógáil ar champas Shráid Chill Dara. Táthar ag tuar go gcuirfidh an Rialtas an ciste ar fáil ionas gur féidir tús a chur leis an obair thógála ar an áis sin chomh luath agus is féidir.

Tá beartaithe ag an mBord tús a chur le próiseas pleanála straitéiseach i rith na bliana 2006 lena sonrófar na bearta tús áite agus na cuspóirí do na blianta beaga atá ag teacht. Beidh aird ar leith ar cheisteanna ar nós tionchar na teicneolaíochta digití ar an Leabharlann agus an chaoi a dtéitear i ngleic leis na dúshláin a chuirtear roimh an Leabharlann. Beidh cúrsaí seirbhíse agus ceisteanna faoi thabhairt chun cinn na mbailiúchán, forbairt na corparáide, an t-infrastruchtúr agus cúrsaí sláinte agus sábháilteachta i measc na réimsí eile a ndíreofar orthu.

Ré cinniúnach seo don Leabharlann Náisiúnta. Tá dul chun cinn ar luas lasrach ag tarlú i gcúrsaí theicneolaíocht an eolais, go háirithe maidir leis an teicneolaíocht dhigiteach, agus tionchar suntasach aige sin ar an gcaoi a gcuirtear eolas ar fáil. Fágann próisis nua, mar shampla digitiú, deiseanna iontacha ag leabharlanna ós féidir eolas a chraobhscaoileadh leo chuig lucht airdill is forleithne go mór ná mar is féidir leis na modhanna traidisiúnta. Ní mór don Leabharlann Náisiúnta na hÉireann dul in oiriúint don dúshlán a chuirtear roimhe leis na cora nua sa teicneolaíocht dhigiteach ach ní foláir, chomh maith, cinntiú go gcomhlíontar an bhunchuspóir, eadhon, bailiúchán agus caomhnúchán a dhéanamh mar gheall ar oidhreacht faisnéise na hÉireann.
Is mian liom buíochas a ghlacadh leis an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, John O'Donoghue Uasal, TD agus le foireann na Roinne as an spreagadh agus an cúnamh taca a thug siad don Bhord ó bunaíodh é.

Ba mhaith liom chomh maith mo chuid buíochais a chur in iúl mar gheall ar an dúthracht leanúnach agus an cúnamh dílis a bhíonn agam ó chomhaltaí eile an Bhoird, ón Stiúrthóir, Aongus Ó hAonghusa, ón lucht bainistíochta agus ó fhoireann uile na Leabharlainne i rith an chéad ocht mí den ré nua seo i stair na Leabharlainne.

Gerard Danaher
Cathaoirleach

Athbhreithniú agus Achoimre an Stiúrthóra

Ba bhliain cinniúnach an bhliain 2005 don Leabharlann Náisiúnta. Ar an 3 Bealtaine, bhunaigh an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, John O'Donoghue Uasal, TD, Bord na Leabharlainne mar a bhforáltar dó san Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta. B'shin deireadh ré do Chomhairle Iontaobhaithe na Leabharlainne. Ba mhaith liom mo chuid buíochais a chur in iúl as ucht an chúnaimh taca a bhí ag stiúrthóirí i ndiaidh a chéile ó Chomhairle na nIontaobhaithe. Ba mhaith liom go pearsanta an cúnamh a thug an Cathaoirleach deireanach ar an gComhairle, an Dr JA Scott le linn aon bhliain déag ag fónamh gan bhris sa ról sin a thréaslú leis.

Ó bunaíodh an Bord, deimhníodh an chuid is mó d'fhoireann na Leabharlainne a bheith ina bhfostaithe de chuid an Bhoird. Tugadh baill foirne i ngráid áirithe de chuid na státseirbhíse ar iasacht don Bhord go ceann tréimhse dhá bhliain. Bhí obair mhór déanta i rith na bliana sular bunaíodh an Bord ar na hacmhainní foirne agus eile a shonrú ba ghá chun cuidiú leis an mBord nua. Is cúis áthais dom a thabhairt faoi deara go raibh comhoibriú iomlán ó fhoireann uile na Leabharlainne san obair maidir leis an athrú go dtí an stádas neamhspleách.

Níl aon amhras ach gurbh í buaicphointe na bliana 2005 ag an Leabharlann bunú an Bhoird ar an 3 Bealtaine. Thug an Bord, faoi stiúir an Chathaoirligh, J Gerard Danaher Uasal, faoi phróiseas díriú ar riachtanais láithreach na Leabharlainne. Bhí obair shuntas déanta i rith na míonna suas go dtí an dáta sin mar ullmhúchán, sonrú na n-acmhainní ba ghá chun bonn a chur faoin mBord nua agus cinntiú go raibh na hacmhainní sin ar fáil. Cuireadh córais agus nósanna oibre nua sa siúl tar éis bhunú an Bhoird. Is cor tábhachtach an struchtúr corparáide nua lena leagtar an cúram maidir le rith na Leabharlainne ar an mBord faoin reachtaíocht: is é an Bord fostóir fhoireann na Leabharlainne feasta (taobh amuigh de líon bheag ball foirne atá ar iasacht ón státseirbhís) agus is air atá an fhreagracht maidir le treoir straitéise agus ceapadh polasaí etc.

Baineann an tuarascáil seo leis an tréimhse ocht mí ó Bhealtaine go Nollaig 2005 ach, chun críche leanúnachais agus deis chomparáide le blianta roimhe sin, pléitear le gnáthghnóthaí na Leabharlainne ann ar bhonn bliana. Baineann na Ráitis Airgeadais a thugtar mar chuid den Tuarascáil seo leis an tréimhse ón 3 Bealtaine go dtí an 31 Nollaig 2005. Mura luaitear a mhalairt, baineann na figiúirí sa chuid eile den Tuarascáil leis an mbliain ar fad go ginearálta.

Leanadh den bheartaíocht ar fud réimse forleathan oibre. Ba é buaicphointe na bliana maidir le tabhairt chun cinn an bhailiúcháin ábhar maidir le James Joyce nach mb'eol roimhe sin é a bheith ar fáil a theacht de dheonachán ó Ghrúpa AIB. Cé nár tugadh an obair mar gheall ar an deonachán sin, a tugadh faoi fhorálacha Alt 1003 an Achta Comhdhlúite Cánacha, 1997, chun críche go dtí tús na bliana 2006, ba i rith na bliana 2005 a rinneadh mórchuid na hoibre mar gheall air.

Ní raibh athrú ar líon na ndaoine a d'úsáid Seomraí Léitheoireachta na Leabharlainne Náisiúnta sa bhliain 2005. Choinnigh sluaite suntasacha ag tabhairt cuairte ar thaispeántas mór na Leabharlainne *James Joyce and* Ulysses *at the National Library of Ireland*. Tharraing imeachtaí poiblí eile sa Leabharlann sluaite maithe freisin. Bhí an-tóir ar thionscnaimh nua, mar shampla, an chéad cheann de cheardlanna do leanaí a eagraíodh in éineacht le taispeántas taistil faoi Hans Christian Andersen, agus d'éirigh thar cionn freisin le tionscnamh nua eile maidir le hagallaimh tráthnóna, dar teideal *Library Late*, le húdair agus scríbhneoirí clúiteacha ar cuireadh tús leo i mí Deireadh Fómhair.

Is iomaí dúshlán suntasach a chuirfear roimh an Leabharlann sna blianta beaga seo atá ag teacht. Ní mór cóiriú a dhéanamh chun dul i ngleic leis na dúshláin a chuirtear roimh an

Director's Review and Summary

2005 was a very important year for the National Library of Ireland. On 3 May the Board of the Library, provided for in the National Cultural Institutions Act, 1997, was established by the Minister for Arts, Sport and Tourism, Mr John O'Donoghue TD. This brought to an end the Council of Trustees of the Library. I wish to place on record my appreciation for the support of the Council of Trustees to successive directors. On a personal basis I would like to acknowledge the support of the Council's last Chairman Dr JA Scott who gave some 11 years of unstinting service in that role.

With the establishment of the Board, most Library staff were designated as employees of the Board. Staff in certain civil service grades were seconded to the Board for a two-year period. Much work had been carried out in the year leading up to the establishment of the Board in terms of identifying the staffing and other resources needed to support the new Board. I am pleased to note the fullest level of co-operation from all Library staff in making the transition to independent status.

The highlight of 2005 for the Library was undoubtedly the establishment of the Board on 3 May. The Board, led by its Chairman Mr J Gerard Danaher, began the process of addressing the Library's immediate needs. Considerable preparatory work had been undertaken in the months leading up to this date in relation to identifying the resources needed to support the new Board and ensuring that those resources were provided. New systems and procedures were put in place following the establishment of the Board. The new corporate structure where statutory responsibility for the running of the Library rests with the Board is an important development: the Board is now the employer of the Library's staff (apart from a small number on secondment from the civil service) and is responsible for strategic direction and policy-making etc.

This report covers the eight months from May to December 2005 although for the purposes of continuity and comparison with previous years the general affairs of the Library are dealt with on an annual basis. The Financial Statements included in this Report cover the period from 3 May to 31 December 2005. Throughout the report, figures are generally for a full year unless otherwise shown.

Activities continued across a wide range of areas. The highlight of the year in terms of collection development was undoubtedly the donation by AIB Group of previously unknown James Joyce material. While this donation, made under the provisions of Section 1003 of the Taxes Consolidation Act, 1997 was not finalised until early 2006, the bulk of the work in relation to it was undertaken in 2005.

Numbers using the Library's Reading Rooms remained constant in 2005. Significant numbers of visitors continued to attend the Library's major exhibition *James Joyce and* Ulysses *at the National Library of Ireland*. Other public events at the Library attracted good audiences. New initiatives, including the first ever children's workshops – held in conjunction with a travelling Hans Christian Andersen exhibition – proved to be very popular while a new initiative of evening interviews with prominent authors and writers, titled *Library Late*, which began in October proved to be a resounding success.

The Library faces considerable challenges in the years to come. It must adapt to meet the challenges posed by information technology and fully capitalise on the opportunity that this technology provides. It must ensure

that service to its community of users whether in its reading rooms, those using its on-line services or simply visiting to view an exhibition, is of the highest standard. The Library's staff has a reputation for excellent service: this needs to be recognised in planning for expanded services. The Library itself must move with the times and provide new services that meet the needs and expectations of readers: this will be a priority for the coming year.

The establishment of the Board has meant that the Library is now fully responsible for its own human resources and financial matters. That has required the recruitment of new staff and the development of new systems and procedures. While this has gone smoothly so far, work remains to be done in relation to the formulation of appropriate human resources policies that are more closely aligned with the Library's strategic requirements.

The progressing of the Library's ambitious plans for a purpose-built storage facility on its Kildare Street site is a key priority. Much effort had gone into the planning of the project and planning permission had been obtained. Regrettably, that permission lapsed in early 2005, with no work having commenced. The Library's storage needs are critical. Not only is there insufficient space but existing space is totally inadequate in terms of meeting appropriate environmental conditions. The proposed storage facility provides an opportunity to safeguard the Library's priceless collections in a state-of-the-art building that will be fully linked to all other Library premises: it thus provides a unique opportunity to make a major improvement to the Library's infrastructural needs and opens up very significant possibilities for developing its premises and services.

A further challenge facing the Library arises from the proposal by the Minister for Arts, Sport and Tourism to commence the remaining sections of the National Cultural Institutions Act, 1997, the effect of which will be to extend legal deposit to a new range of material including audiovisual and electronic format. This will greatly expand the Library's collection areas and present significant challenges in terms of resources, including staffing, storage space and access. The Library will work constructively with the Minister's Department to ensure that the appropriate resources are provided.

In conclusion, I wish to record my appreciation to the Library's staff for their excellent service, commitment and support during the year. I would like to thank all of those other bodies and individuals who have contributed in any way to helping this wonderful institution. Finally, I would like to record my appreciation for the support provided by the Chairman of the Library Board, Mr Gerard Danaher SC and all of the Board members.

Aongus Ó hAonghusa
Director

Leabharlann mar gheall ar theicneolaíocht an eolais agus an leas iomlán a bhaint as an deis a thugtar leis an teicneolaíocht chéanna. Ní mór cinntiú go mbíonn an tseirbhís a thugtar don phobal úsáideoirí, bídís sna seomraí léitheoireachta, ag baint leas as seirbhísí ar líne nó ar cuairt chun taispeántas a bhreathnú, ar an gcaighdeán is airde amuigh. Tá dea-cháil ar fhoireann na Leabharlainne mar gheall ar sheirbhís den scoth a thairiscint: ní mór sin a thabhairt san áireamh nuair atá pleanáil ar siúl maidir le fairsingiú ar na seirbhísí. Ní mór don Leabharlann féin cóiriú agus athrú a dhéanamh de réir na linne agus seirbhísí nua a chur ar fáil de réir riachtanais na léitheoirí agus ar an leibhéal a mbíonn tnúth acu leis: beidh sin ar an mbeart tús áite i rith na bliana seo ag teacht.

Fágann bunú an Bhoird go bhfuil cúram iomlán anois ar an Leabharlann maidir maidir leis na cúrsaí acmhainní pearsanra agus cúrsaí airgeadais go hinmheánach. Níor mhór dá bhrí sin baill nua a earcú chun na foirne agus córais agus nósanna imeachta nua a leagan amach. Cé go ndearnadh sin gan aon stró go dtí seo, tá obair fós le déanamh maidir leis na polasaithe cuí mar gheall ar acmhainní pearsanra a cheapadh a bheidh ag teacht níos dlúithe le riachtanaisí straitéiseacha na Leabharlainne.

Beart buntábhachta atá ann pleananna móra na Leabharlainne maidir le háis stórála saintógtha ar an suíomh i Sráid Chill Dara a chur chun cinn. Bhí dícheall agus dua caite leis an bpleanáil ar an togra sin agus bhí cead pleanála faighte lena aghaidh. Is díol trua gur ligeadh an cead sin i léig go luath sa bhliain 2005 gan tús curtha le haon obair thógála. Is cás géarchéime anois riachtanais stórála na Leabharlainne. Ní hé amháin nach bhfuil dóthain spáis ar fáil ach ní leor ar bhealach ar bith an spás atá ann faoi láthair ó thaobh na cúinsí comhshaoil cuí a shásamh. Is deis atá san áis stórála beartaithe chun bailiúcháin na Leabharlainne, a bhfuil luach thar cuimse leo, a chosaint i bhfoirgneamh de chéadscoth na héirime maidir lena chineál a bheidh ceangailte le háitribh eile na Leabharlainne: is deis ar leith atá ann feabhsúchán suntasach a dhéanamh maidir le riachtanais infrastruchtúir na Leabharlainne a fhágfaidh deiseanna suntasacha eile maidir leis an áitreabh agus na seirbhísí a thabhairt céim eile chun cinn.

Dúshlán eile a chuirfear roimh an Leabharlann go bhfuil beartaithe ag an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta tosach a chur le feidhm na n-altanna eile san Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 a mbeidh de thoradh air go dtiocfaidh réimse nua ábhair, ábhar i bhformáidí closamhairc agus leictreonaice san áireamh, faoi scáth na bhforálacha maidir le taisce reachtúil. Fágfaidh sin fairsingiú leitheadach ar réimsí bailiúcháin na Leabharlainne agus deacrachtaí suntasacha maidir le hacmhainní, acmhainní foirne, spáis stórála agus deis léitheoireachta/éisteachta san áireamh. Oibreoidh an Leabharlann go forbheartach leis an Roinn chun cinntiú go gcuirtear na hacmhainní cuí ar fáil.

Ba mhaith liom an tsársheirbhís, an dúthracht agus an cúnamh a thug foireann na Leabharlainne i rith na bliana a thréaslú leo. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí eile sin agus leis na daoine aonair a raibh cion acu ar bhealach ar bith in obair an fhorais seo. Agus ba mhaith liom mar fhocal scoir mo chuid buíochais a chur in iúl as ucht an chúnaimh taca a bhí againn ó Chathaoirleach Bhord na Leabharlainne, Gerard Danaher Uasal SC, agus ó chomhaltaí uile an Bhoird.

Aongus Ó hAonghusa
Stiúrthóir

Annual Report 2005
Tuarascáil Bhliantúil 2005



Reader and Visitor Services

The Library was open to the public on 295 days in 2005, including 50 Saturdays.

OPENING HOURS

The Library's two Reading Rooms opened at 10.00am each day, Monday to Saturday.

The main Reading Room was open until 9.00pm on Mondays, Tuesdays and Wednesdays; until 5.00pm on Thursdays and Fridays; and until 1.00pm on Saturdays. Opening hours each week totalled 50.

The National Photographic Archive was open from 10.00am to 5.00pm, Monday to Friday, and on Saturdays from 10.00am to 2.00pm.

The *James Joyce and* Ulysses *at the National Library of Ireland* exhibition opened from 10.00am to 7.45pm Monday to Wednesday, from 10.00am to 5.00pm Thursday and Friday, and 10.00am to 12.45pm on Saturdays. During June, July and August arrangements were agreed and put in place to allow the exhibition to remain open on ten successive Saturdays until 5.00pm.

Usage of particular services and facilities was as follows:

- **Main Reading Room** 28,144 persons signed the attendance book in 2005, 2,156 less than in 2004. The majority (23,533) arrived between 10.00am and 5.00pm on weekdays. A total of 2,609 persons signed the attendance book after 5.00pm on Mondays, Tuesdays, and Wednesdays, while 2,002 attended on Saturday mornings. The pattern shows a continued decline in the numbers coming to the Library in the evenings and on Saturdays. As noted in previous years, the continued development of the Library's online catalogue and digitisation of graphic resources allows certain researchers to reduce the number of visits to the Reading Rooms.
- **Manuscripts Reading Room** A total of 3,396 attendances were recorded in 2005, 234 fewer than in 2004.
- **Genealogy Service** The service was used by 9,733 persons during the year, a decrease of 29 on the 2004 figure.
- **Heraldic Museum** As in other years, this was visited by approximately 5,000 persons.
- **Exhibitions/Visitors** We are pleased to record that there were 27,937 visitors to the Joyce exhibition during 2005.

Seirbhísí don Léitheoir agus don Chuairteoir

Bhí an Leabharlann ar oscailt don phobal 295 lá in 2005, agus 50 Satharn san áireamh ansin.

UAIREANTA OSCAILTE

D'oscail an dá Sheomra Léitheoireachta sa Leabharlann ar 10.00 gach lá, ó Luan go Satharn.

Bhí an Príomhsheomra Léitheoireachta ar oscailt go dtí 9.00pm gach Luan, gach Máirt agus gach Céadaoin; agus go dtí 5.00pm gach Déardaoin agus Aoine; agus go dtí 1.00pm ar an Satharn. 50 uair an chloig gach seachtain a bhí sna huaireanta oscailte.

Bhí an Chartlann Náisiúnta Grianghrafadóireachta ar oscailt ón 10.00rn go 5.00pm ó Luan go hAoine, agus ar an Satharn ón 10.00rn go dtí an 2.00pm.

Bhí taispeántas *James Joyce agus* Ulysses a bhí ar siúl i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar oscailt ón 10.00rn go dtí 7.45pm ó Luan go Céadaoin, ón 10.00rn go 5.00pm Déardaoin agus Dé hAoine, agus ón 10.00rn go dtí 12.45pm Dé Sathairn. Aontaíodh agus feidhmíodh socruithe a chinnteodh go bhfanfadh an taispeántas ar oscailt le linn mí an Mheithimh, mí Lúil agus mí Lúnasa ar feadh 10 Satharn i ndiaidh a chéile dtí 5.00pm.

Mar seo a leanas a baineadh úsáid as seirbhísí agus áiseanna faoi leith:

- **An Príomhsheomra Léitheoireachta** Shínigh 28,144 duine an leabhar tinrimh i rith na bliana 2005 2005, 2,156 níos lú ná figiúr na bliana 2004. Tháinig a mbunáite (23,533) idir 10.00rn agus 5.00pm ó Luan go hAoine. Bhí 2,609 duine in iomláine a shínigh an leabhar tinrimh tráth ba deireanaí ná a 5.00pm ar an Luan, an Mháirt nó an Chéadaoin, agus bhí 2,002 a tháinig maidin Sathairn. Is léiriú an pátrún sin ar thitim i gcónaí ar líon na ndaoine a thagann chun na Leabharlainne tráthnóna den tseachtain nó ar an Satharn. Mar a tugadh faoi deara na blianta beaga roimhe seo, ligeann catalóg ar-líne na Leabharlainne a thabhairt chun cinn agus an digitiú ar acmhainní grafaice do dhaoine áirithe den lucht taighde laghdú ar an líon cuairteanna a thabharfaí ar na Seomraí Léitheoireachta.
- **Seomra Léitheoireachta na Lámhscríbhinní** 3,396 cuairt freastail a áiríodh i rith na bliana 2005, 234 níos lú ná sa bhliain 2004.
- **An tSeirbhís Ginealais** Bhain 9,733 duine leas as an tseirbhís i rith na bliana, ísliú de 29 duine i gcomparáid le líon na bliana 2004.
- **An Músaeim Araltais** Mar a tharla blianta eile roimhe sin, timpeall is 5,000 duine a thug cuairt anseo.
- **Taispeántais/Cuairteoirí** Cúis áthais a chur ar taifead go raibh 27,937 duine a thug cuairt ar an taispeántas faoi James Joyce i rith na bliana 2005.

- **An Chartlann Náisiúnta Grianghrafadóireachta** Bhí an Chartlann, ina bhfuil bailiúcháin grianghrafanna na Leabharlainne i dtaisce, ar oscailt 289 lá i rith na bliana 2005, 45 Satharn san áireamh. Tá méadú seasta ar líon na gcuairteoirí, tháinig 29,227 i láthair i rith na bliana 2005; b'shin ardú 2,791 ar líon na gcuairteoirí i rith na bliana 2004.

Seirbhísí Tagartha

Tá de chúram ar Leabharlannaí Dualgais ceisteanna ginearálta mar gheall ar ghnéithe de bhailiúcháin agus de sheirbhísí na Leabharlainne a fhreagairt. D'fhreagair na Leabharlannaithe Dualgais isteach is amach le 4,000 fiosrúchán ar an teileafón agus os cionn 2,000 ceist ar ríomhphost i rith na bliana 2005. Ba iad bailiúcháin na leabhar clóite, lámhscríbhinní, nuachtáin agus cúrsaí ginealais ba mhinice ab ábhar do na fiosrúcháin.

Seirbhís Chomhairle maidir le Cúrsaí Ginealais

Lucht taighde ar stair mhuintire an grúpa amháin is leitheadaí a bhaineann úsáid as an Leabharlann agus lean an tSeirbhís Chomhairle maidir le Cúrsaí Ginealais ag cur seirbhíse sainchomhairle ar fáil don ghrúpa sin ar cuairteoirí thar sáile isteach cuid mhór acu. Ba cuairteoirí as Stáit Aontaithe Mheiriocá níos mó ná aon trian de lucht úsáide na seirbhíse. Is léiriú ar an mborradh atá faoi thaighde i stair na muintire anseo in Éirinn gur cuairteoirí a luaigh seoladh in Éirinn an chéad ghrúpa eile ba líonmhaire ó thaobh náisiúntachta.

Taispeántais, Oideachas agus Beartaíocht Sheachtrach

SRÁID CHILL DARA

AN TAISPEÁNTAS *JAMES JOYCE AND* ULYSSES *AT THE NATIONAL LIBRARY OF IRELAND*

Bhí na daoine a thug cuairt ar an taispeántas *James Joyce and* Ulysses *at the National Library of Ireland*, a lean ar aghaidh ar feadh na bliana 2005, an-mholtach mar gheall air. Ba le linn mhíonna na tréimhse ó Mheitheamh go Meán Fómhair ba líonmhaire na cuairteoirí agus an líon ionann agus 4,000 a tháinig i rith mí Lúnasa ar an bhfigiúr ab airde. Tháinig grúpaí mac léinn dara leibhéal agus tríú leibhéal as Éirinn, na Stáit Aontaithe, an Ríocht Aontaithe, an Ghearmáin, an Danmhairg, an Ioruaidh, an Fhrainc agus an Iodáil chomh maith leis an iliomad grúpa sainspéise agus cumann daoine fásta atá bunaithe in Éirinn agus thar lear.

D'éirigh go maith le clár léachtaí, a leagadh amach mar gheall ar théamaí éagsúla a bhain leis an taispeántas, ag am lóin ar an Máirt agus an Déardaoin ar feadh na bliana. Eagraíodh ócáid don fhoireann cultúir sna hambasáidí i mBaile Átha Cliath mar cheiliúradh ar chothrom lá breithe an tSeoighigh ar an 2 Feabhra. I mí na Márta bhí an taispeántas ina chuid den 'Tóraíocht Taisce'

- **National Photographic Archive** The Archive, which houses the Library's photographic collections, was open on 289 days during 2005, including 45 Saturdays. Visitor numbers continue to increase steadily, with 29,227 visitors recorded in 2005; this shows an increase of 2,791 on the 2004 figure.

Reference Services

The Duty Librarian is responsible for answering general queries on aspects of the Library's collections and services. During 2005 Duty Librarians responded to some 4,000 telephone enquiries and over 2,000 email enquiries. Printed books collections, manuscripts, newspapers and genealogy queries figured most prominently.

Genealogy Advisory Service

With family history researchers constituting the single biggest user group in the Library, the Genealogy Advisory Service continued to offer a dedicated advisory service to this user group, many of whom are visitors from overseas. Visitors from the United States of America accounted for over one-third of the users of the service. The growing interest here in Ireland of family history research is reflected in the fact that visitors with Irish addresses constituted the next largest national grouping.

Exhibitions, Education and Outreach

KILDARE STREET

JAMES JOYCE AND ULYSSES *AT THE NATIONAL LIBRARY OF IRELAND* EXHIBITION

Visitor response to the *James Joyce and* Ulysses *at the National Library of Ireland* exhibition, which continued throughout 2005, was hugely positive. Visitor numbers were highest during the months of June to September, reaching a peak of nearly 4,000 in August. Visits were received from groups of second and third-level students from Ireland, the US, the UK, Germany, Denmark, Norway, France and Italy, as well as from many adult special interest groups and societies based both in Ireland and abroad.

A successful programme of Tuesday and Thursday lunchtime lectures, which ran throughout the year, was devised around various exhibition-related themes. The occasion of Joyce's birthday on 2 February was marked by an event for cultural staff from the Dublin embassies. In March the exhibition featured as part of the St Patrick's Festival's 'Treasure Hunt' and remained open for a full Saturday. On Bloomsday,

Thursday 16 June, lectures were given in the seminar room by Dr Luca Crispi, the Library's Joyce Research Fellow, and Terence Killeen, Joyce scholar and commentator, to an audience of 120, with many more turned away due to space constraints. In the evening, actor Jim Norton read from *Ulysses* in the front hall of the Library to a packed house, while over 400 people visited the exhibition itself during the day between 10am and 8pm. On 7 July, the Library hosted an evening reception for students of the Joyce Summer School, who also used the facilities of the Seminar Room for one of their morning lecture programmes.

During July and August exhibition staff ran a series of *My Ulysses* workshops aimed at children in the 8-12-year-old age bracket. In addition, a self-guided *My Ulysses* family trail was devised for the Joyce exhibition.

Towards the latter part of 2005, the process of planning for the next major exhibition on Yeats to replace the Joyce exhibition began in the Library.

HANS CHRISTIAN ANDERSEN EXHIBITION

Over a six-week period beginning 10 June, the Library played host to an international touring exhibition celebrating the life and work of Danish writer Hans Christian Andersen, whose bicentenary was in 2005. Entitled *Once Upon a Time*, the exhibition was presented in conjunction with a selection of items from the Library's own collections including a manuscript translation into Irish of Andersen's tales and examples of illustrated editions of his work featuring Irish artists Harry Clarke and PJ Lynch.

Once Upon a Time provided the focus for the Library's first ever programme of children's events, a significant development. Over six successive Saturday mornings some 200 children aged 5 and upwards (with their parents) attended *Story Hour* with storytellers Patrick Ryan, Liz Weir, Toby Kinsella, Nuala Hayes and Niall de Búrca, and actor Cathryn Brennan. In the afternoons, Creative Workshops – devised and run by Sherra Murphy, Margot Jones and storyteller Liz Weir – catered for the 8-12 year olds. It was immensely rewarding to meet the Library's next generation of users a little sooner than usual and to welcome their parents and grandparents along too.

EDUCATION AND OUTREACH

Following on an innovative and successful collaboration between the National Library of Ireland and the National Council for Curriculum and Assessment, the Minister for Education and Science, Ms Mary Hanafin, TD visited the Library in April to launch *Leaving Certificate Case Studies Online*, an Internet resource for history students. This resource – which

Bhí ardú ar líon na bhfoilseachán atá dírithe ar dhaoine ón iasacht a bhfuil cónaí orthu in Éirinn, léiriú ar an athrú atá ar phobal na tíre. I measc na bhfoilseachán den chineál sin a fuarthas, tá *Nasa Gazeta*, nuachtán Rúiseach atá á dháileadh in Éirinn ón mbliain 2001 i leith; *Lietuvis*, nuachtán nua Liotúáinise a fhoilsítear uair sa choicís agus *Polska Gazetta*, nuachtán seachtainiúil a dhéanann freastal ar phobal na Polainne in Éirinn. Thosaigh an *Limerick Leader*, ceann de na nuachtáin is sine sa tír ag foilsiú nótaí an phobail sa tSínis, sa Rúisis agus sa Pholainnis. Cuirtear forlíonadh seachtainiúil i bPolainnis amach leis an *Evening Herald*.

CEANNACHÁN

Lean an Leabharlann leis an gclár ceannacháin maidir le nuachtáin ar mhicreascannán, micreascannáin de nuachtáin a fhoilsíonn tráchtaireacht ar bhonn náisiúnta taobh istigh den Stát, nuachtáin náisiúnta ar taobh amuigh den Stát atá seilbh orthu agus nuachtáin réigiúnacha a fhoilsítear i dTuaisceart Éireann ina measc.

Ceannaíodh seaneagráin de thréimhseacháin agus de nuachtáin go leor a bhfuil tábhacht leo ó thaobh polaitíochta de as bailiúchán Sheán O'Mahoney Uasal chun cur le bailiúchán na Leabharlainne, ina measc *Troops Out* agus sraith iomlán de *An Phoblacht*.

Grianghraif
DEONACHÁIN

Bhronn muintir Cousins, le barr féile, sraith albam agus grianghraif ar an leabharlann i rith na bliana 2005. Tá roinnt grianghraf sárspéisiúil ar fáil iontu a bhaineann leis an Aerchór, ina measc eitleáin snámha i bhFaing, eitleáin airm i mBaile Dhónaill agus cuid de mhuintir an Aerchóir.

Bhronn an Dr Mary Martin Bailiúchán Sleamhnán an Dra Geoffrey Bewley, a hathair. Pictiúir de sheaniarsmaí de chuid na hÉireann atá sa bhailiúchán agus beidh sin ina acmhainn inspéise ag lucht taighde.

CEANNACHÁN

Bhí Bailiúchán Uí Mhuircheartaigh, Bailúchán JB Malone agus

Images from the Trench Album.
***Lietuvis*, a new Lithuanian newspaper published on a forthnightly basis.**

Albam Trench ar na bailiúcháin eile den suntas a fuarthas i rith na bliana:

Tomás Ó Muircheartaigh, a bhíodh gníomhach i gConradh na Gaeilge, chuir le chéile Bailiúchán Uí Mhuircheartaigh. Pictiúir de mhodh maireachtála atá imithe i léig anois i gceantar Gaeltachta Chiarraí atá sa chuid is mó den bhailiúchán. Tá cuid mhaith ábhair ann freisin maidir le cathair Bhaile Átha Cliath i rith na 1950aidí a thiocfaidh go maith mar bhreis le Bailiúchán Elinor Wiltshire.

Pictiúir a thóg JB Malone le linn a chuid eachtraí dreapadóireachta agus siúlóide i mBaile Átha Cliath agus i gCill Mhantáin i rith na 1940aidí agus na 1950aidí atá i mBailiúchán JB Malone. Bhí aithne go forleathan ar an Uasal Malone mar gheall ar an mbaint a bhí aige le Slí Chill Mhantáin a chur ar bun.

Grianghraif, ephemera agus saothair líníochta atá in Albam Trench, an chuid is mó acu ag baint le muintir Trench féin, go háirithe William Stuart Trench (1808-1872). Tá grianghraif ann de thithe a bhí ag teaghlach Trench chomh maith le grianghraif a tógadh sa Fhrainc tar éis chríoch an chogaidh idir an Fhrainc agus an Phrúis. Díol suime seacht gcinn de shaothair líníochta le dúch de chuid Michael Angelo Hayes, RHA (1820-1877) a bheith san albam chomh maith.

Priontaí agus Saothair Líníochta

CEANNACHÁN

Cuireadh le bailiúchán na Rannóige de shaothair lena léirítear an saol sóisialta agus nósanna in Éirinn le roinnt beart ceannacháin den suntas i rith na bliana. Ina measc sin, tá dhá shaothar uiscedhatha den scoth ina léirítear an saol i nGailimh i rith na 1840aidí: Market Clifden, Galway, ca 1841, le William Brocas agus *Interior of a Fisherman's Cabin, Galway, '44*, le Alfred Downing Fripp. Ceannaíodh albam de shaothair líníochta a rinne Apollonia Griffith idir an bhliain 1848 agus an bhliain 1851 freisin ina bhfuil radharcanna ar thírdhreach Chontae Shligigh chomh maith le léiriú intí sna tithe cónaithe in Fachta agus Sráid Stiabhna, Sligeach. Ceannaíodh roinnt portráidí de mhná ar an dtugtar 'peasant women' sna teidil.

Chuir an Rannóg leis an mbailiúchán de shaothair líníochta seandachta agus ailtireachta trí bhailiúchán leitheadach a cheannach a thiomsaigh George Wilkinson (1814-1890), ailtire Choimisinéirí Dhlí na mBocht, dá leabhar *Practical Geology and Ancient Architecture of Ireland* a foilsíodh sa bhliain 1845. Baineann an líníocht leis na blianta c 1842 go dtí 1844 agus tá saothair bhunaidh sa bhailiúchán de chuid Kivas Tully, John Kelly, Annie Deane agus Wilkinson féin a bhaineann le cuid mhór den tír. Tá pleananna ailtireachta do thithe príobháideacha éagsúla sa bhailiúchán freisin, ina measc Caisleán Mhionlaigh i nGaillimh.

PURCHASES

Other collections of note acquired during the year are the Ó Muircheartaigh Collection, the JB Malone Collection and the Trench Album:

The Ó Muircheartaigh Collection was created by Tomas Ó Muircheartaigh, a Gaelic League activist. Most of the collection depicts a vanished way of life in the Kerry Gaeltacht area. There is also a considerable amount of material relating to Dublin city in the 1950s, which will complement the Elinor Wiltshire Collection.

The JB Malone Collection consists of photos taken by JB Malone during his climbing and walking expeditions in Dublin and Wicklow during the 1940s and 1950s. Malone was well-known for his involvement in setting up the Wicklow Way.

The Trench Album contains photographs, ephemera and drawings mostly relating to the Trench family, particularly William Stuart Trench (1808-1872). There are photographs of Trench family houses, and photographs taken in France shortly after the end of the Franco-Prussian War. Interestingly, the album also features seven original ink drawings by Michael Angelo Hayes, RHA (1820-1877).

Prints and Drawings

PURCHASES

The Department's collection of works documenting Irish social life and customs was expanded through a number of significant acquisitions during the year. These include two particularly fine watercolours documenting Galway life in the 1840s: *Market Clifden, Galway*, ca 1841, by William Brocas and *Interior of a Fisherman's Cabin, Galway, '44*, by Alfred Downing Fripp. An album of drawings executed between 1848 and 1851 by Apollonia Griffith containing topographical views of Co Sligo, as well as interiors of residences at Faughts Cottage, and Stephen Street, Sligo town, was also acquired, together with a number of portraits identified as 'peasant' women.

The Department expanded its holdings of antiquarian and architectural drawings through the purchase of a large collection compiled by George Wilkinson (1814-1890), architect for the Poor Law Commissioners, for his book *Practical Geology and Ancient Architecture of Ireland* which was published in 1845. Dating from ca 1842 to 1844, the collection includes original works by Kivas Tully, John Kelly, Annie Deane and Wilkinson himself, and covers much of the country. The collection also includes



architectural plans for various private houses including Menlo Castle, Galway. A presentation album of six drawings by JF Kempster for Woodlawn House, Kilconnell, Co Galway, which was extended for Lord Ashtown ca 1860, was also purchased.

Portraits of notable Irish figures acquired during the year included an 1857 mezzotint, by James Scott after Stephen Pearce, of Rear Admiral Sir Francis Beaufort, hydrographer and creator of the Beaufort scale. Contemporary portrait drawings by Wendy Shea of Irish writers Maurice Craig, Paul Durcan, Michael Hartnett, Eoghan Harris and Brian Moore were also acquired.

The Library's holdings of work by Harry Clarke were expanded through the purchase of a number of cartoons for the tracery of stained glass windows at the former Convent of Our Lady of Notre Dame, now Ashdown Park, Sussex. These supplement existing holdings relating to the same building acquired as part of the large Harry Clarke Collection purchased in 2003.

Official Publications

During 2005 the Library continued to acquire comprehensive sets of Irish Government publications, and Northern Ireland Government publications, as well as selected British Government publications.

The Library also received a donation of official publications relating to Northern Ireland from the Northern Ireland Publications Resource (NIPR). When catalogued, these items will greatly enhance the collection.

In addition, approximately 1,700 items were deposited by the following international organisations during the year:

Council of Europe
European Union
Food and Agriculture Organisation of the United Nations
International Atomic Energy Agency
International Civil Aviation Organisation
International Labour Organisation
Organisation for Economic Co-operation and Development
Organisation for Security and Co-operation in Europe
United Nations
United Nations Economic and Social Council
United Nations Educational, Scientific and Cultural Organisation (UNESCO)
World Health Organisation

In all, almost 3,400 items were added to the Irish and British collections in Official Publications over the course of the year. As ever, this does not

Ceannaíodh albam léirithe ina bhfuil sé shaothar líníochta le JF Kempster do Theach Woodlawn, Cill Chonaill, Co. na Gaillimhe, ar chuir an Tiarna Astown síneadh as c. 1860, chomh maith.

I measc na bportráidí de phearsaí iomráiteacha de chuid na hÉireann a ceannaíodh i rith na bliana, bhí saothar meisitinte ón mbliain 1857 le James Scott faoi anáil Stephen Pearce, den Seachaimiréal Sir Francis Beaufort, hiodragrafaí agus fear ceaptha scála Beaufort. Ceannaíodh portráidí líníochta de chuid na linne seo le Wendy Shea de na scríbhneoirí Éireannacha Maurice Craig, Paul Durcan, Michael Hartnett, Eoghan Harris agus Brian Moore chomh maith.

Cuireadh le bailiúchán na Leabharlainne de shaothair le Harry Clarke trí roinnt cartún a cheannach a bhain leis an bhfíochan d'fhuinneoga daite i gClochar Mhaighdean Notre Dame mar a bhíodh, Ashdown Park mar atá anois, in Sussex Shasana. Cuireann siad sin leis na saothair a bhaineann leis an bhfoirgneamh céanna a tháinig i seilbh na Leabharlainne nauir a ceannaíodh iad mar chuid de Bhailiúchán leitheadach d'ábhar a bhaineann le Harry Clarke a ceannaíodh sa bhliain 2003.

Foilseacháin Oifigiúla

Lean an Leabharlann ag ceannach sraitheanna cuimsitheacha d'fhoilseacháin de chuir Rialtas na hÉireann agus d'fhoilseacháin de chuid Rialtas Thuaisceart Éireann i rith na bliana 2005, chomh maith le roinnt foilseachán de chuid Rialtas na Breataine.

Fuair an Leabharlann foilseacháin oifigiúla maidir le Tuaisceart Éireann de dheonachán ón Northern Ireland Publications Resource (NIPR). Nuair a bheidh catalógú déanta orthu, cuirfear go mór leis an mbailiúchán leis na míreanna sin.

Anuas air sin, thug na heagraíochtaí idirnáisiúnta seo a leanas timpeall is 1,700 mír mar thaisce i rith na bliana:

Comhairle na hEorpa
An tAontas Eorpach
Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe
An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Fhuinneamh Adamhach
An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta
An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair
An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta
An Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip
Na Náisiúin Aontaithe
Comhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Náisiún Aontaithe
Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO)
An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte

Cuireadh ionann is 3,400 mír in iomláine le bailiúcháin na hÉireann agus na Breataine d'Fhoilseacháin Oifigiúla i rith na bliana. Ní thugtar san áireamh leis sin, ábhar a d'fhoilsigh comhlachtaí leathstáit ná foilseacháin de chuid ranna rialtais nach í Oifig an tSoláthair a d'eisigh iad. Cuireadh leis an teacht ar acmhainní ar

Donabate Bazaar and Fête, August 3rd, 4th & 5th 1929. ACC 114

Burke, Edmund, 1729-1797: ***Extractos das obras politicas e economicas do grande Edmund Burke por Jose' da Silva Lisboa.*** **2. ed. mais correcta.** Lisboa: Nova Impressao da Viuva Neves e Filhos, 1822.

líne i rith na bliana 2005 agus leanfar den pholasaí sin sna blianta beaga atá ag teacht.

Ábhar Breacshaolach

DEONACHÁN

Ba chúis áthais don Rannóg roinnt deonachán a fháil i rith na bliana 2005, ina measc bailiúchán de phrofaí an phriontálaí d'fhógraí don siopa McHugh Himself; bailiúchán cuimsitheach de chláir amharclainne; póstaeir de chuid Dublin and South Eastern Railways; agus bróisiúr turasóireachta ó na 1960aidí ina bhfuil sleachta le Seán Ó Faoláin agus Louis le Brocquy.

CEANNACHÁN

inspéise, ina measc póstaer maidir le *John O'Brien's Menagerie, Museum, Circus and Hippodrome*. Hudson Nua-Eabhrac [1876]; bailiúchán bunchóipeanna de phóstaeir do scannáin; póstaer don Donabate Bazaar and Fête sa bhliain 1929 agus póstaer sa stíl ilsiamsa don *White House Theatre* ar a liostaítear trí cinn de sheónna Éireannacha.

I measc na míreanna breacshaolacha eile a ceannaíodh, bhí póstaeir agus pacáistíocht thráchtála a dhearaigh Piet Sluis; teastas freastail, dar dáta 1849, ó Ospidéal Mercer; clár do *Ceilidhe Mór na Sleagh… I dTigh an Ard-Mhaoir*, arna eagrú ag an "Committee for the Promotion of Gaelic Dancing among the Forces", agus mír inspéise ón The Irish American Workers' Republican, Atheist, Birth Control Civil and Industrial Emancipation Alliance, [c1934].

I measc an ábhair breacshaolaigh faoi chúrsaí polaitíochta a ceannaíodh i rith na bliana, bhí póstaeir agus bileoga de chuid roinnt páirtithe polaitíochta i dTuaisceart Éireann, ceann ón Ulster Constitution Defence Committee ina measc.

Leanfar den obair ar fhorbairt an bhailiúcháin agus ar dheis níos fearr a thabhairt air trí pholasaí ceannacháin forbheartach a chur i bhfeidhm ag díriú ar eagraíochtaí, grúpaí sainspéise agus páirtithe polaitíochta éagsúla.

Próiseáil agus Catalógú, Cúrsaí TEC san áireamh

Tá buntábhacht le Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide (TEC) i gcás na seirbhísí riaracháin agus na seirbhísí eolais sa Leabharlann. Tá 120 ríomhaire pearsanta ar chóras na Leabharlainne anois. Tá ríomhairí oibre na foirne agus ríomhairí lena bhfuil teacht ag an bpobal ar chatalóga agus ar sheirbhísí eile ar líne san áireamh leis an bhfigiúr sin.

Socraíodh i rith na bliana ceangal le LPF (Líonra Príobháideach Fíorúil) an Rialtais, d'fhonn teacht a bheith ar chlár acmhainní pearsanra bainistithe don tseirbhís poiblí den chuid is mó ó beidh an-tábhacht leis sin ag foireann riaracháin na Leabharlainne. Cuirfidh an tseirbhís nua banda níos leithne ar fáil don

take into account material published by semi-State bodies, or the publications of governmental departments, which are not issued by the Stationery Office. Access to online resources was increased in 2005 and this policy will continue in the coming years.

Ephemera

GIFTS

The Department was pleased to receive a number of donations in 2005, including a collection of printer's proofs of advertisements for the McHugh Himself store; a substantial collection of theatre programmes; a poster from the Dublin and South Eastern Railways; and a tourist brochure from the 1960s which contains contributions from Seán Ó Faolain and Louis le Brocquy.

PURCHASES

The Library's collection of posters was significantly enhanced with the purchase of a number of interesting items including a poster for *John O'Brien's Menagerie, Museum, Circus and Hippodrome*. Hudson New York [1876]; a collection of original movie posters; the *Donabate Bazaar and Fête* poster from 1929 and a vaudeville poster for the *White House Theatre* listing three Irish acts.

Other ephemera purchased included Piet Sluis-designed posters and commercial packaging; a certificate of attendance, dated 1849, from Mercer's Hospital; a programme for a *Ceilidhe Mór na Sleagh… I dTigh an Ard-Mhaoir*, organised by the Committee for the Promotion of Gaelic Dancing among the Forces, and an intriguing item from The Irish American Workers' Republican, Atheist, Birth Control Civil and Industrial Emancipation Alliance, [c1934].

Political ephemera purchased throughout the year included posters and flyers from a number of political parties in Northern Ireland including one from the Ulster Constitution Defence Committee.

Work will continue on developing and improving access to the collection through the implementation of an active acquisitions policy targeting various organisations, interest groups and political parties.

Processing and Cataloguing, including ICT Matters

Information and Communications Technology (ICT) is crucial both to the administrative and information services of the Library. There are now some 120 PCs on the Library's network. This figure includes staff

Volume of watercolours of Sligo by Apollonia Griffith
PC266TX 001 p.26 ***'Sligo from the Giant's Grave, Hazelwood Deer Park. [18]'49'***

workstations and PCs making available catalogues and other online services to the public.

During the year the decision was taken to join the Government VPN (Virtual Private Network), primarily to facilitate access to a managed public service human resources programme that will be central to the work of the administrative staff in the Library. The new service will also provide the Library with an increased bandwidth that will facilitate future online services.

With a view to enhancing security of information and facilitating easier exchange of information, a new server-based system of file sharing was introduced during the year. Work was begun on a related updating of the Library's general filing system.

To further develop the Libry's information services, work on the planning of a new website was carried out. Work continued on adding data to the online catalogues. New lists of manuscript collections added to the Library's website included the Farnham and Wicklow estate papers and the papers of Michéal Mac Liammóir.

DIGITISATION

As well as the photographic digitisation project currently in progress, projects under consideration during the year include the digitisation of bibliographical sources and of Prints and Drawings. The materials digitised in these projects will very much enhance the value of the Library's website.

PRINTED BOOKS

During 2005 all new books received by the Library through legal deposit, as well as books published elsewhere and purchased, were catalogued. The total number of books catalogued came to 10,167 of which 2,883 were original catalogue records. Original cataloguing is required if a record cannot be found on the OCLC (Online Computer Library Center) database, an international library service based in the US. The OCLC database often does not include rare or little-known material collected by the Library, and some recent Irish publications.

Collections catalogued in 2005 included two collections of Northern Irish material, one acquired from the Linen Hall Library Belfast and the other the printed books element of an acquisition purchased from Mr Sean O'Mahony. Together these collections have significantly improved the material available in relation to modern Northern Irish publications in all formats. The Library has continued to collect and catalogue many books

Leabharlann chomh maith agus réiteofar an bealach leis sin do sheirbhísí nua ar líne.

D'fhonn breis slándála maidir le faisnéis agus d'fhonn freastal do mhalartú níos éasca ar eolas, tugadh isteach córas nua malartaithe comhaid atá bunaithe ar fhreastalaí i rith na bliana. Tá tús curtha leis an obair ar chóras ginearálta na gcomhad sa Leabharlann a thabhairt chéim chun feabhais.

D'fhonn cur le seirbhísí eolais na Leabharlainne, rinneadh obair ar láithreán gréasáin nua a leagan amach. Leanadh den obair ag cur sonraí leis na catalóga ar líne. I measc na liostaí nua faoi bhailiúcháin lámhscríbhinní a cuireadh le láithreán gréasáin na Leabharlainne, bhí páipéir eastáit Farnham, na páipéir eastáit Wicklow agus páipéir Michéal Mac Liammóir.

DIGITIÚ

Chomh maith leis an togra digitithe atá ar siúl faoi láthair maidir le hábhar grianghrafadóireachta, bhí tograí eile á meas i rith na bliana, ina measc digitiú ar na foinsí bibleagrafaíochta agus ar Phriontaí agus ar Shaothair Líníochta. Cuirfidh an t-ábhar a ndéantar digitiú air leis na tograí sin go mór le fiúntas láithreán gréasáin na Leabharlainne.

LEABHAIR CHLÓITE

I rith na bliana 2005, rinneadh gach leabhar nua a fuarthas sa Leabharlann le taisce reachtúil, chomh maith le leabhair a foilsíodh i dtíortha iasachta a ceannaíodh, a chatalógú. Ba é líon iomlán na leabhar a ndearnadh catalógú orthu 10,167, ba taifid chatalóige bhunaidh 2,883 acu sin. Bíonn taifead bunaidh de dhíth nuair nach bhfuil taifead le fáil i mbunachar sonraí OCLC (Online Computer Library Center), seirbhís leabharlannaíochta idirnáisiúnta atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe. Ní bhíonn ábhar uathúil ná ábhar ar beag eolais a bhíonn mar gheall air, a mbeadh an Leabharlann á bhailiú, luaite i mbunachar sonraí an OCLC, ná roinnt foilseachán nua de chuid na hÉireann ach oiread.

I measc na mbailiúchán a ndearnadh catalógú orthu i rith na bliana 2005, bhí dhá bhailiúchán d'ábhar as Tuaisceart Éireann, ceann a ceannaíodh ó Leabharlann Halla an Línéadaigh i mBéal Feirste agus ceann eile arbh é gné na leabhar clóite é de bhailiúchán a ceannaíodh ó Sheán O'Mahoney Uasal. Idir an péire acu, tá feabhas suntasach ar an ábhar atá le fáil maidir le foilseacháin faoi Thuaisceart Éireann i ngach formáid de bharr na mbailiúchán sin. Lean an Leabharlann ag bailiú agus ag déanamh catalógú ar an iliomad leabhar faoin amharclannaíocht idirnáisiúnta mar gheall ar thiomnacht ón Ollamh Michael O'Neill.

Rinneadh roinnt dul chun cinn maidir le sortáil, seiceáil agus catalógú ar fhuílleach ábhair atá carntha le himeacht na mblianta, cé go mba ar ráta níos moille é ná sa bhliain roimhe seo, mar gheall ar easpa foirne chuige.

LÁMHSCRÍBHINNÍ

Tugadh liostaí chun críche maidir leis na bailiúcháin seo a leanas i rith na bliana 2005:

- Bailiúchán WB Yeats (Liosta Bailiúcháin 96) ina bhfuil ábhar lámhscríbhinne as Leabharlann Yeats
- Páipéir James Plunkett (Liosta Bailiúcháin 98) ina bhfuil a chuid comhfhreagrais agus páipéir maidir le cúrsaí litríochta
- Cartlann *Whoseday Book* (Liosta Bailiúcháin 99) ina bhfuil dréachta ó phearsaí litríochta, ealaíne agus ghnóthaí poiblí na hÉireann mar chomóradh ar an Mílaois chun cúnamh a thabhairt don Irish Hospice Foundation
- Páipéir Niall C Harrington (Liosta Bailiúcháin 100) ina bhfuil ábhar maidir le saol oibre an Leifteanantchoirnéil Niall C Harrington (1901-81) san arm agus a chuid scríbhneoireachta, mar aon le roinnt páipéir de chuid a athar, Timothy Harrington, MP
- Páipéir De Vesci (Liosta Bailiúcháin 89) ina bhfuil páipéir eastáit agus teaghlaidh na mBíocúntaí De Vesci
- Páipéir Sheehy Skeffington (Liosta Bailiúcháin 82) ina bhfuil páipéir Francis, Hanna agus Owen Sheehy Skeffington
- Páipéir Chathair na Mart (Liosta Bailiúcháin 78) ina bhfuil páipéir eastáit Mharcais Shligigh Páipéir Bruce Arnold (Liosta Bailiúcháin 114) ina bhfuil páipéir litríochta agus polaitíochta an scríbhneora Bruce Arnold
- Páipéir Farnham (Liosta Bailiúcháin 95) ina bhfuil páipéir eastáit Bharúin, Bhíocúntaí agus Iarlaí Farnham as Co. an Chábháin
- Páipéir Chill Mhantáin (Liosta Bailiúcháin 69) ina bhfuil páipéir eastáit le hIarlaí Chill Mhantáin
- Páipéir Mhuintir Ceannt agus O'Brennan (Liosta Bailiúcháin 97) ina bhfuil páipéir de chuid Éamoinn Ceannt, a shínigh forógra na bliana 1916, agus de chuid a mhná pósta, Áine, agus a cuid deirfiúr, Lily agus Kathleen O'Brennan
- Páipéir Mhic Liammóir (Liosta Bailiúcháin 117) ina bhfuil páipéir Mhichéal Mhic Liammóir, aisteoir, file agus údar.

Ullmhaíodh tuairim is 150 taifead catalóige MARC mar gheall ar mhíreanna aonair agus ar bhailiúcháin bheaga chomh maith leo sin thuas.

Bhí an obair ar na bailiúcháin seo a leanas ar siúl i gcónaí ag deireadh na bliana: Páipéir an Leasa Mhóir, Páipéir Mhaigh Eo, Páipéir John Redmond (athchóiriú agus leathnú ar na hiontrálacha sa chatalóg) agus Páipéir Andrée Sheehy Skeffington.

TRÉIMHSEACHÁIN

B'ionann líon iomlán na dtréimhseachán a ndearnadh catalógú orthu i rith na bliana agus 184.

on international theatre through a bequest from Professor Michael O'Neill.

Some progress was made on sorting, checking and cataloguing the backlog of material which has accumulated over the decades, although at a slower rate than in the previous year due to staff shortages.

MANUSCRIPTS

Lists for the following collections were completed in 2005:

- WB Yeats (Collection List 96) comprising manuscript materials from the Yeats Library
- James Plunkett Papers (Collection List 98) comprising his correspondence and literary papers
- Whoseday Book archive (Collection List 99) comprising contributions from Ireland's leading literary, artistic and public figures to mark the Millennium and to support the Irish Hospice Foundation
- Niall C Harrington Papers (Collection List 100) comprising material relating to the army career and writings of Lt Col Niall C Harrington (1901-81) together with some papers of his father, Timothy Harrington, MP
- De Vesci Papers (Collection List 89) comprising papers of the estate and family of the Viscounts De Vesci
- Sheehy Skeffington Papers (Collection List 82) comprising papers of Francis, Hanna and Owen Sheehy Skeffington
- Westport Papers (Collection List 78) comprising estate papers of the Marquesses of Sligo
- Bruce Arnold Papers (Collection List 114) comprising literary and political papers of the writer Bruce Arnold
- Farnham Papers (Collection List 95) comprising estate papers of the Barons, Viscounts and Earls Farnham of Co Cavan
- Wicklow Papers (Collection List 69) comprising estate papers of the Earls of Wicklow
- Ceannt and O'Brennan Papers (Collection List 97) comprising papers of the 1916 signatory, Eamonn Ceannt, his wife Áine and her sisters, Lily and Kathleen O'Brennan
- MacLiammóir Papers (Collection List 117) comprising papers of the actor, poet and author, Michéal Mac Liammóir.

Gründliche Wiederlegung der von Arnoldo Wion für des Irländischen Bischoffs Malachiae Arbeit ausgegeben... Prophezeyung betreffend all Römische Pabste so von Anno Christi 1143 bis ans Ende der Welt regieren sollen. Aus dem Frantzösischen ins Teutsche übersetzt von Christian Wagnern. Leipzig: Friedrich Lanckisch, 1691. German translation by Christian Wagner of Menestrier's Réfutation des propheties faussement attribuées.

In addition, about 150 MARC catalogue records were prepared for single items and small collections.

Work on the following papers was ongoing at the end of the year: Lismore, Mayo, John Redmond (rearranging and expanding catalogue entries) and Andrée Sheehy Skeffington.

PERIODICALS

The total number of periodicals catalogued for the year was 184.

IRISH ISSN CENTRE

The Irish ISSN Centre is responsible for allocating ISSNs (International Standard Serial Numbers) to all serials published in the Republic of Ireland and for sending records for those titles to the International ISSN Centre in Paris. The centre has responsibility for approximately 5,000 records.

2005 was a year of significant change, with the old stand-alone database programme, OSIRIS, being replaced by a new system, Virtua. The entire international ISSN database is now held on servers in Montpellier, France. The Irish Centre, and other national ISSN Centres that formerly used OSIRIS, now enter data directly using client software.

The changeover involved much testing and several delays, and for a significant part of the year it was not possible to enter or amend records in either database. Work continued on paper only, with the result that there is a substantial backlog of data still to be entered. Statistics given are calculated on the basis that OSIRIS was still in operation.

In the 2005 calendar year 166 new ISSNs were assigned and 166 new and amended records or their equivalent were exported to the International Centre.

1,655 contacts (by phone, fax, email and in person) with publishers were recorded, including enquiries regarding ISBNs and barcodes in general. These contacts frequently provide an opportunity to remind publishers of their obligations under Legal Deposit, including depositing books.

PHOTOGRAPHS

In 2005 work began on cataloguing and digitising the Independent Newspapers (Ireland) Collection. Almost 500 images are now available on the online catalogue, including all the images relating to 1916, the War of Independence and the Civil War, and all of the images from the NPA's

IONAD ISSN NA HÉIREANN

Is é Ionad ISSN na hÉireann a shocraíonn ISSN (Sraithuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta) i leith gach sraithfhoilseachán a fhoilsítear i bPoblacht na hÉireann agus is air atá an cúram maidir le taifid do na teidil sin a sheoladh chuig an Ionad ISSN Idirnáisiúnta i bPáras. Tá cúram ar an ionad maidir le tuairim is 5,000 taifead.

Bhain athrú suntasach leis an mbliain 2005 nuair a tháinig córas nua, Virtua, in áit an tseanchláir bunachair sonraí neamhspleách, OSIRIS. Coimeádtar an bunachar sonraí ISSN idirnáisiúnta ar fad anois ar fhreastalaithe atá suite in Montpellier na Fraince agus cuireann Ionad na hÉireann, agus ionaid ISSN náisiúnta eile a mbíodh OSIRIS in úsáid acu roimhe seo, sonraí isteach ar na freastalaithe go díreach le bogearra cleithiúnais.

Bhí go leor tástála agus nithe éagsúla a chuir moill ar an obair ag baint leis an athrú córais a d'fhág nárbh fhéidir ar feadh cuid mhaith den bhliain baint d'iontráil i gceachtar bunachar sonraí ná leasú ar bith a dhéanamh. Leanadh den obair le taifid ar pháipéar agus tá fuílleach oibre dá bharr maidir le sonraí le cur isteach. Ríomhtar na staitisticí a thugtar ar nós go raibh OSIRIS in úsáid i gcónaí.

Ceapadh 166 taifead ISSN nua i rith na bliana 2005 agus seoladh 166 taifead nua nó leasaithe nó a gcomhionann chuig an Ionad Idirnáisiúnta.

Coinníodh tuairisc ar 1,655 beart caidrimh (le guthán, faics, ríomhphost nó ó bhéal) le foilsitheoirí, fiosrúchán maidir le sonraí ISBN agus barrachóid go ginearálta ina measc. Is minic go mbíonn deis le caidreamh den chineál sin an dualgas maidir le taisce reachtúil, leabhair a sheoladh isteach san áireamh, a chur i gcuimhne do na foilsitheoirí.

GRIANGHRAIF

Cuireadh tús i rith na bliana 2005 leis an obair chatalógaithe agus dhigitithe ar Bhailiúchán Independent Newspapers (Ireland). Tá ionann is 500 íomhá ar fáil anois sa chatalóg ar líne, na híomhánna ar fad a bhaineann le 1916, Cogadh na Saoirse agus Cogadh na gCarad ina measc chomh maith leis na híomhánna ar fad a bhí in úsáis do thaispeántas deireadh bliana na Cartlainne Náisiúnta Grianghrafadóireachta, *A Century of News Photography: celebrating the centenary of the Irish Independent*. Cuireadh na híomhánna as Albam Lána Eoin, a bhí le feiceáil le linn an taispeántais *Streets Broad and Narrow*, leis an gcatalóg ar líne freisin.

Tugadh an bunachar sonraí ina luaitear an t-eolas ó na Poole Day Books chun críche agus cuirfear sin leis na bunachair sonraí grianghrafadóireachta a bhfuil teacht orthu tríd an láithreán gréasáin.

Winter 2005. Sir Anthony O'Reilly launched the exhibition *A Century of News of Photography: to mark the centenary of the Irish Independent (1905-2005)* in the National Photographic Archive.

PRIONTAÍ AGUS SAOTHAIR LÍNÍOCHTA

Rinneadh sortáil agus próiseáil i rith na bliana 2005 ar bhailiúchán na Rannóige de timpeall is 1,000 aor clóite polaitíochta agus pearsanta dar dátaí idir an bhliain 1724 agus an bliain 1900 d'fhonn catalógú iomlán orthu ina dhiaidh sin. Imeachtaí agus pearsaí i gcúrsaí polaitíochta na hÉireann agus na Breataine a bhaineann leis an mbailiúchán sin chomh maith le roinnt aoir mar gheall ar chúrsaí Napoleon. Cuirtear na saothair ar fad in ord dáta agus sonraítear an uimhir BMC atá leo i gCatalóg Mhúsaeim na Breataine. Sa chás gur cóip Éireannach nó athleagan ar phrionta Sasanach an saothar, sonraíodh an uimhir chatalóige BMC don bhunphrionta. Tiomsaíodh liosta de shaothair nach luaitear san BMC chomh maith.

FOILSEACHÁIN OIFIGIÚLA

Ba ghné shuntasach d'obair na bliana 2005 an obair leanúnach ar chlár catalógaithe iardhearcach d'Fhoilseacháin Oifigiúla na hÉireann. Fágfaidh an clár catalógaithe iardhearcach feabhas suntasach maidir le hacmhainn cuardaithe ag lucht a úsáide ar fud an bhailiúcháin, ní amháin sa Leabharlann féin ach ar an idirlíon chomh maith.

ÁBHAR BREACSHAOLACH

Tá os cionn 150,000 mír i mbailiúchán ábhair breacshaolaigh na Leabharlainne, ábhar a mba cuspóir sealadach a bhí leis, mar shampla, bróisiúir, póstaeir, bileoga agus cláir amharclainne. Tá taifid chatalóige ann cheana féin do 1,200 mír (forógraí stairiúla agus póstaeir amharclannaíochta den chuid is mó). Bhíothas i mbun oibre ar bhileog oibre catalógaithe maidir le hábhar breacshaolach a thabhairt chun cinn ag deireadh na bliana.

Ghlac an Rannóg seilbh ó Rannóg na Lámhscríbhinní ar líon mór míreanna polaitíochta, póstaeir ina measc, a bhíodh mar chuid de bhailiúchán lámhscríbhinní Sheán O'Mahoney. Rinneadh micreascannánú ar bhailiúchán na Leabharlainne d'fhorógraí stairiúla mar chuid den togra maidir le Catalóg Gearrtheidil Béarla agus aistríodh ina dhiaidh sin iad go dtí an Rannóg Ábhair Breacshaolaigh.

Oifig an Phríomh-Arailt

Is é Príomh-Aralt na hÉireann a dhéanann feidhmeanna reachtúla an Bhoird maidir le haraltas, eadhon taighde a dhéanamh mar gheall ar armas, iad a bhronnadh agus a dheimhniú agus na taifid a eascraíonn ón obair sin agus a chuireann leis an obair a choimeád, a chaomhnú agus a chur i riocht a gceadaithe. Bronnann an Oifig armas ar dhaoine aonair chomh maith le comhlachtaí corparáide agus údaráis chathartha.

CEAPACHÁN MAR PHRÍOMH-ARALT NA HÉIREANN

I mí Iúil 2005, de réir mar a leagtar de chumhacht ar an mBord faoi alt 13(2) an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, end-of-year exhibition, *A Century of News Photography: celebrating the centenary of the Irish Independent*. The images from the John's Lane Album, which featured in the *Streets Broad and Narrow* exhibition, were also added to the online catalogue.

The database recording the information from the Poole Day Books was completed and it will be added to the photographic databases available through the website.

PRINTS AND DRAWINGS

In 2005 the Department's collection of approximately 1,000 individual printed political and personal satires dating from 1724 to 1900 were sorted and processed in preparation for full cataloguing. This collection covers Irish and British political events and figures and also includes Napoleonic satires. All works were organised in date order and the British Museum Catalogue (BMC) number for each identified. Where works were Irish copies, or variants of English prints, the BMC catalogue number for the original print was identified. A list of holdings not in BMC was also compiled.

OFFICIAL PUBLICATIONS

A major feature of 2005 was the continued work on a retrospective cataloguing programme for Irish Official Publications. The retrospective cataloguing programme, which was scheduled to be completed in February 2006, will significantly improve users' ability to search the collection, not only in the Library but also online.

EPHEMERA

The Library has over 150,000 items in its ephemera collection, i.e. material intended for some transient purpose such as brochures, posters, flyers and theatre programmes. Catalogue records already exist for some 1,200 items (mostly historical proclamations and theatrical posters). Work on developing a cataloguing worksheet for ephemera was ongoing at the end of the year.

The Department took possession, from the Department of Manuscripts, of a large number of political items, including posters, which were part of the Sean O'Mahony collection of manuscripts. The Library's collection of historical proclamations which were stored in the Librarian's Office were microfilmed as part of the English Short Title Catalogue project and subsequently transferred to the Ephemera Department.

If you wish to be miserable on the 2nd, 3rd, 4th, & 5th September, do not go to 'Wonderland' at the Cork Municipal Buildings. ACC 141



Office of the Chief Herald

The Chief Herald of Ireland performs the Board's statutory functions in relation to heraldry; these functions are to research, grant and confirm coats of arms and to maintain, preserve and make accessible the records which arise from, and contribute to, these functions. The Office grants arms to individuals as well as corporate bodies and civic authorities.

APPOINTMENT OF CHIEF HERALD OF IRELAND

In July 2005, under the power granted to the Board under section 13(2) of the National Cultural Institutions Act, 1997, the Board designated Mr Fergus Gillespie as the member of the Library's staff designated to perform the duty of researching, granting and confirming coats of arms using the appellation Chief Herald of Ireland.

Mr Gillespie is Keeper in the National Library of Ireland's Genealogical Office. He is a recognised expert on Irish heraldry. He is a native of Donegal and is a graduate of University College Dublin, from which he holds a MA in Celtic Studies.

GRANT OF ARMS APPLICATIONS

At the beginning of 2005, nine grants of arms were awaiting signature and seal pending the appointment of a new Chief Herald. In August, following the appointment of Fergus Gillespie to that position, these nine documents were issued, and a further four new grants of arms were executed. A total of 13 preliminary paintings, prepared for clients prior to final artwork being undertaken, were produced, along with two entries to the Register of Arms. By the close of 2005, a total of ten open cases were in progress.

Fees amounting to €26,050 were received by the Office in 2005, relating to applications for grants of arms.

The project to paint all the arms contained in the Register for the years 1936 to 1980, known as the 'Back Register' project, continued. These arms were originally recorded as black and white photostats, or as typescripts only; new artwork is being produced which will be digitised and made available with associated metadata through the Library's website. In 2005 a further 68 paintings were made for this project.

Other heraldic artwork undertaken during 2005 included a banner painting; a pennon painting; and several pieces of black and white line art for

d'ainmnigh an Bord Uasal Mac Giolla Easpaig ar an té sin d'fhoireann na Leabharlainne a leagtar air fónamh chun an dualgas maidir le taighde, bronnadh agus deimhniú armas a chomhlíonadh faoin teideal Príomh-Aralt na hÉireann.

Tá Uasal Mac Giolla Easpaig ina Choimeádaí in Oifig Ghinealais na Leabharlainne. Tá a cháil amuigh mar shaineolaí i gcúrsaí araltais in Éirinn. As Dún na nGall ó dhúchas é agus is céimí de chuid Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath é, mar ar bhain sé céim Mháistreachta amach sa Léann Ceilteach.

IARRATAIS MAIDIR LE DEONÚ ARMAIS

Ag tús na bliana 2005, bhí naoi gcás deonaithe armais ag fanacht le síniúchán agus séala go dtí go gceapfaí Príomh-Aralt nua. I mí Lúnasa, tar éis Uasal Mac Giolla Easpaig a cheapadh sa phost sin, eisíodh na naoi gcáipéis sin agus tugadh an Deonú Armais i gcrích maidir le ceithre chás eile. Cuireadh 13 de réamhshaothair péintéireachta ar fáil, arna n-ullmhú do chliaint sula dtugtar faoin leagan críochnúil den obair ealaíne chomh maith le dhá bheart clárúcháin i gClár na nArmas. Faoi dheireadh na bliana 2005, bhíothas i mbun oibre ar dheich gcinn de chásanna reatha.

Thug an oifig táillí dar iomlán €26,050 isteach maidir le hiarratais ar dheonú armais i rith na bliana 2005.

Leanadh den togra péintéireacht a dhéanamh de na harmais ar fad a luaitear sa Chlár maidir leis na blianta idir 1936 agus 1980, ar a dtugtar togra an Chláir larghabhálaigh. Fótastait dubh agus bán nó clóscríbhinn amháin a úsáidíodh mar thuairisc ar na harmais sin an chéad uair; tá obair ealaíne nua á chur ar fáil anois a ndéanfar leagan digiteach de d'fhonn a chur ar fáil le meiteashonraí eile a bhaineann leis ar shuíomh idirlín na Leabharlainne. Cuireadh 68 saothar péintéireachta breise ar fáil maidir leis an togra sin i rith na bliana 2005.

Tugadh faoi obair ealaíne eile mar gheall ar chúrsaí araltais i rith na bliana 2005, mar shampla péintéireacht bhrataigh; péintéireacht bratainne beannaí; agus roinnt saothair líníochta dubh agus bán chun críche priontála agus greannta. Shocraigh an Oifig go gcuirfí 300 suaitheantas leabhair ar fáil chomh maith do Rannóg na Leabhar Nua sa Leabharlann Náisiúnta, mar gheall ar bhailiúchán Michael J O'Neill.

OIDEACHAS, BEARTAÍOCHT SHEACHTRACH AGUS IMEACHTAÍ

I mí Eanáir, tháinig Leslie Hodgson, ó Chumann Araltais na hAlban, ar cuairt chuig an Oifig mar gheall ar bhfoilseachán atá beartaithe a bhunú ar imleabhar lámhscríofa ón 17ú aois d'ábhar araltais mar gheall ar uaisle na hAlban atá sna bailiúcháin i seilbh Oifig an Phríomh-Arailt.

Thug an Príomh-Aralt léacht ag an gComhdháil Ginealais in Órán Mór, Contae na Gaillimhe i mí Márta agus thug sé léacht ag Scoil Samhraidh Uí Néill i gContae Aontroma i mí Meithimh.

CATALÓGÚ AGUS PRÓISEÁIL

Leanadh den obair i rith na bliana 2005 ar liostú agus ar athchumhdach an ábhair i mbailiúcháin na hOifige Ginealais. Glanadh seilfeanna sa seomra daingen agus tosaíodh ar an athchumhdach i rith an tsamhraidh. Tugadh faoi shortáil agus faoi liostú boscaí maidir le cúig cinn de bhoscaí as bialiúchán TU Sadleir, chomh maith le liostú ar ábhar Sillery agus ar ábhar na hOifig ó thús an fichiú aois.

Cumhdach agus Caomhnúchán

Lean an Leabharlann i rith na bliana den chioníocaíocht airgid agus den chion oibre i dtioncscadal de chuid an National Preservation Office (NPO) atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe. Tá roinnt comhlachtaí Éireannacha eile chomh maith leis an Leabharlann atá i bpáirt leis an NPO, ina measc An Chartlann Náisiúnta, Leabharlann Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Cuibhreannas na Leabharlann Náisiúnta agus Ollscoile (CONUL).

Bíonn baint ag an bhfoireann caomhnúcháin leis an obair trí chomhairle a chur maidir le feabhas ar na caighdeáin oibre ag láimhseáil agus ag próiseáil ábhar na leabharlainne chomh miath le hobair chaomhnúcháin a dhéanamh ar mhíreanna áirithe de chuid bhailúcháin na Leabharlainne. Go luath sa bhliain 2005, cuireadh sraith beart i bhfeidhm d'fhonn an baol do bhailiúcháin na Leabharlainne a mhaolú. Bhí roinnt gnéithe ag baint leis an straitéis sin, ina measc athrú ar na nósanna eisiúna agus gnás an tseomra léitheoireachta, feabhas ar ghnáis láimhseála agus spriocanna maidir le soláthar don chaomhnúchán. Chuir an fhoireann caomhnúcháin oiliúint ar fáil maidir leis an ngnás láimhseála agus tugadh cúnamh ag leagan amach treoirlínte nua don lucht léitheoireachta agus do bhaill na foirne maidir le hábhar a láimhseáil.

LEABHAIR CHLÓITE

Thug an fhoireann chaomhnúcháin faoi thogra mór glantacháin agus cumhdaigh lenar díríodh ar bhailiúchán Joly de leabhair uathúla. Glanadh 887 imleabhar ar leith de láimh i rith tréimhse ceithre mhí. Cuireadh 300 acu sin i mboscaí eadramhacha ina dhiaidh sin tar éis iad a chur in ord tábhachta de bharr a bheith donaithe nó i mbéal baoil.

Rinneadh obair chaomhnúcháin freisin ar leabhair le WB Yeats as bailiúchán Leabharlann Yeats agus bailiúchán Oifig an Leabharlannaí mar chuid den ullmhúchán chun iad a chur ar printing and engraving purposes. The Office also facilitated the production of 300 bookplates for the Department of New Books in the National Library, in connection with the Michael J O'Neill collection.

EDUCATION, OUTREACH AND EVENTS

